# TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ
# MODÚL 2 - CLUICHE FAOI BHALLSTÁIT AE

Is **cluiche mealltach** é seo a chabhróidh le daltaí eolas a chur ar Bhallstáit den Aontas. Cluiche a bhaineann le 'cód a bhriseadh' atá ann, ina n-oibríonn daltaí le chéile i ngrúpaí atá in iomaíocht le chéile chun teacht ar chód chomh tapa agus is féidir. Is é is sprioc don chluiche seo fiosracht na ndaltaí a spreagadh chun a fháil amach cad iad na tíortha atá ina mBallstáit den Aontas Eorpach.

Tar éis an cluiche a imirt, **tugann an múinteoir tuilleadh eolais faoin ábhar**. Is féidir leis an múinteoir a shocrú freisin plé a dhéanamh ar chéimeanna éagsúla den phróiseas méadaithe, le cuidiú ón gcur i láthair.

| MODHEOLAÍOCHT | FAD AMA | ÁBHAIR |
|---|---|---|
| Cluiche oideachasúil: Ballstáit AE | 20 nóiméad | - Paca cártaí tíre do gach grúpa<br>- Bileog dhíchódaithe do gach grúpa<br>- Léarscáil den Eoraip go gach grúpa (roghnach) |
| Cur i láthair | 10-20 nóiméad | - Ríomhaire + teilgeoir<br>- Cur i láthair ar mhodúl 2 |

# CUSPÓIRÍ AGUS SCILEANNA

## MEON

- Tá na daltaí fiosrach chun a fháil amach cad iad na tíortha atá ina mBallstáit den Aontas Eorpach.

## EOLAS

- Is eol do na daltaí cad iad na tíortha atá ina mBallstáit den Aontas.
- B'fhéidir go bhfuil eolas acu ar na hamanna éagsúla ar tháinig Ballstáit nua isteach san Aontas (aontachais).

# CÉIM AR CHÉIM

# 1. AN CLUICHE

## SUÍOMH

Roinntear an rang i bhfoirne ina bhfuil triúr nó ceathrar daltaí. Téann na foirne in iomaíocht le chéile.

## PRÓISEAS

- Fiafraíonn tú de na daltaí: 'Cá mhéad Ballstát atá in AE faoi láthair?' Ansin insíonn tú do na daltaí gur fúthusan atá sé a fháil amach cad iad na tíortha atá sna 27 mBallstát.
- Ar an gcéad dul síos, míníonn tú an cluiche:
  - Gheobhaidh gach grúpa paca de 40 cárta. Ar na cártaí sin, tá cruthanna agus ainmneacha 40 tír le feiceáil.
  - Is é an chéad rud a bheidh ar do ghrúpa a dhéanamh ná 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh a roghnú. Déan é sin chomh tapa agus is féidir.
  - Tá litir ar gach cárta tíre. Is cuid de 'chód' í seo. Ná coinnigh ach cártaí na dtíortha a roghnaigh tú mar Bhallstáit den Aontas. Teastaíonn na litreacha ó na cártaí sin uait, mar i dteannta a chéile is cód iad.
  - Úsáid an bhileog dhíchódaithe chun teacht ar an gcód: taispeáin na litreacha atá aimsithe agat.
  - Abairt Bhéarla atá sa réiteach.
- Tugann tú an t-ábhar is gá do gach grúpa: paca de 40 cárta, bileog dhíchódaithe agus léarscáil den Eoraip (roghnach, ionas gur féidir leo a fheiceáil cá bhfuil na tíortha).
- Is é an chéad ghrúpa a bhriseann an cód buaiteoir an chluiche.
- Ligeann tú do na grúpaí eile leanúint ar aghaidh go dtí go bhfuil an cód scaoilte ag gach grúpa acu.

Dá mhéad meancóg a dhéanann na daltaí agus iad ag roghnú Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, is amhlaidh is deacra a bheidh sé teacht ar an réiteach. Ní fadhb é sin. An rud is tábhachtaí ná go bhfiafraíonn siad díobh féin, gach uair a phiocann siad suas cárta: 'An Ballstát den Aontas Eorpach í an tír seo?' Tar éis dóibh an cluiche a imirt, beidh an-fhonn orthu a fháil amach cad iad na tíortha atá ina mBallstáit den Aontas Eorpach – arb é sprioc an chluiche seo é. Ar ndóigh, mar mhúinteoir, is féidir leat cuidiú leis na grúpaí sa phróiseas roghnúcháin.

## ROINNT LEIDEANNA

- Má tá grúpaí láidre agat, ní gá duit mórán eolais a thabhairt dóibh faoin gcaoi leis an mbileog dhíchódaithe a úsáid: ba chóir dóibh an t-eolas a fháil as a stuaim féin. Ní gá duit a rá leo ach gur abairt Bhéarla atá sa réiteach. Má tá grúpaí agat a dteastaíonn níos mó cabhrach uathu, is féidir leat a rá leo nach bhfuil ag teastáil uathu ach na litreacha ó chártaí na dtíortha a roghnaigh siad mar Bhallstáit den Aontas Eorpach. Má aimsíonn siad na litreacha sin ar an mbileog dhíchódaithe, beidh siad in ann an cód (an abairt) a léamh ó chlé go deas, ón mbarr anuas.
- 27 litir atá sa réiteach, ceann amháin do gach tír. Ciallaíonn sé sin go bhfuil dornán litreacha ann roinnt uaireanta. Mar shampla, nuair atá cárta tíre a bhfuil an litir 'E' mar chód air roghnaithe ag na daltaí, tuigtear as sin go bhfuil gach cárta tíre eile a bhfuil 'E' air ceart freisin. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis na daltaí na litreacha 'E' go léir ar an mbileog dhíchódaithe a thaispeáint láithreach. Mar mhalairt air sin, is féidir leo an litir do gach cárta a thaispeáint de réir mar a théann siad ar aghaidh. Is é an toradh céanna a bheidh ann ar deireadh, is cuma cén bealach a ndéantar é. Is fearr gan an t-eolas sin a roinnt leis na daltaí ón tús, ach é a roinnt leo nuair a iarrann siad ort é.
- Ní móide go dtabharfaidh na daltaí é seo faoi deara, ach tá na litreacha sa réiteach san ord a chuaigh na tíortha isteach san Aontas Eorpach. Mar shampla, tagraíonn an chéad 'L' don Bheilg agus tagraíonn an 'R' deireanach don Chróit.

## RÉITEACH

LET US BUILD OUR FUTURE TOGETHER

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| L | A | Y | V | P | E | C | V | J | K | T | M |
| M | J | U | A | S | K | M | N | P | B | C | V |
| N | K | A | M | U | V | N | Q | I | A | W | P |
| A | L | N | W | C | D | J | P | W | N | O | K |
| P | J | U | M | K | J | X | V | Y | R | C | M |
| V | M | C | A | F | K | M | N | U | A | N | J |
| W | N | T | P | V | J | A | Z | U | N | W | K |
| C | R | M | A | K | E | Q | A | J | T | P | M |
| N | A | O | J | G | W | M | Z | E | T | C | N |
| V | J | H | M | A | P | E | K | V | N | R | A |

# 2. CUR I LÁTHAIR: AN tEOLAS A FUARTHAS A PHLÉ

## SUÍOMH

Cuirtear na daltaí ina suí ionas gur féidir leo an cur i láthair a fheiceáil go héasca.

## PRÓISEAS

Úsáideann tú an cur i láthair a sholáthraítear chun dul trí na Ballstáit agus trí na céimeanna méadaithe.

Tosaíonn an cur i láthair le léargas ar na Ballstáit reatha. Tar éis dóibh an cluiche a imirt, beidh na daltaí fiosrach chun a fháil amach an bhfuil a bhfreagraí ceart. Mínítear sa chur i láthair, ina dhiaidh sin, cá huair a tharla gach méadú. Má thograíonn tú é, is féidir leat díriú ar na Ballstáit reatha, agus orthu sin amháin, agus gan an próiseas méadaithe a phlé. Tá fáil ar fhaisnéis chúlra úsáideach anseo.